# Ráiteas Inrochtaineachta

## Ár dtiomantas agus ár gcur chuige maidir le láithreán gréasáin inrochtana a choinneáil

Tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach tiomanta do:

- láithreán gréasáin inrochtana a choinneáil. Fógraímid ár dtiomantas dó sin inár gCairt um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí.
- a chinntiú go mbaineann an láithreán gréasáin seo amach "Leibhéal AA" de réir na dTreoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) 2.0, chun Cloí le Cód Cleachtais an Údaráis Náisiúnta Míchumais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéis arna Soláthar ag Comhlachtaí Poiblí.
- a chinntiú go mbainfidh gach faisnéis nua ar an láithreán gréasáin amach "Leibhéal AA" de réir na dTreoirlínte Inrochtaineachta d'Inneachar Gréasáin (WCAG) 2.0.
- lena n-áirítear inrochtaineacht nuair a sholáthraímid córais 3ú páirtí nó uasghrádú ar chórais atá ann cheana féin.

## Mar a chloíonn an láithreáin ghréasáin seo le treoirlínte oifigiúla inrochtaineachta

Faoi láthair glacadh le hinrochtaineacht uilíoch i leith an láithreáin ghréasáin agus Leibhéal AA de W3C (Cuibhreannas an Ghréasáin Dhomhanda) WCAG (Treoirlínte maidir le hinrochtaineacht ábhair ar an nGréasán) L2.0  i dtaca le dearadh agus le forbairt an láithreáin ghréasáin. Ba i Meitheamh 2021 a rinneadh an t-iniúchadh inrochtaineachta gréasáin is déanaí don láithreán gréasáin seo.

## Conas aiseolas a sheoladh ar inrochtaineacht an láithreáin ghréasáin seo

Is é ról ár nOifigeach Rochtana tacú lenár gcustaiméirí a dteastaíonn cúnamh uathu agus iad i dteagmháil leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Coimisiún um Achomhairc Chánach. De réir Alt 26 (2) den Acht um Míchumas 2005, má theastaíonn cúnamh uait chun rochtain a fháil ar ár seirbhísí nó más mian leat aiseolas a sholáthar maidir le hinrochtaineacht an láithreáin ghréasáin seo, déan teagmháil lenár nOifigeach Rochtana, Paddy O'Keeffe.

Sonraí teagmhála an Oifigigh Rochtana:
Paddy O'Keeffe
Oifigeach Rochtana
An Coimisiún um Achomhairc Chánach
Cúirt Mhic Liam
Clós Líosain
Baile Átha Cliath 2
D02 YW24
Éire
Teileafón: (01) 6624 530
R-phost: tacaccessofficer@taxappeals.ie.

## Gnéithe inrochtaineachta an láithreáin ghréasáin seo

Agaí Tapa Logála Leathanaigh: tá teimpléid agus íomhánna láithreáin optamaithe chun a chinntiú go lódálann leathanaigh ar bhealach tapa agus éifeachtach.

Comhoiriúnacht Tras-Bhrabhsálaí: Comhsheasmhacht i leagan amach agus i nascleanúint a chinntiú ar fud gach brabhsálaí agus fabhtanna a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis mhearbhaill ag an úsáideoir.

Athrú Méide Téacs Coibhneasta: Is féidir le húsáideoirí a bhfuil lagú amhairc orthu méid téacs an ábhair théacsúil a mhéadú trí úsáid a bhaint as na feidhmeanna méadaithe méid téacs laistigh de gach leathanach aonair nó trí fheidhm zúmála an bhrabhsálaí a úsáid.

Téacs Nasc Úsáideach: chun úsáideoirí a chur ar an eolas a mbíonn léitheoirí scáileáin nó teicneolaíochtaí cúnta eile in úsáid acu.

Ábhar atá struchtúrtha i gceart: le húsáid mhaith cheannteidil chun cabhrú le húsáideoirí a mbíonn léitheoirí scáileáin nó teicneolaíochtaí cúnta eile in úsáid acu agus chun inléiteacht a mhéadú go ginearálta.

Inrochtaineacht Doiciméid: chun cabhrú le húsáideoirí a mbíonn léitheoirí scáileáin nó teicneolaíochtaí cúnta eile in úsáid acu agus chun inléiteacht a mhéadú go ginearálta.